Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15519/25**

**RECH 505**
**COAFR 317**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 13647/25 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht<br>— Glacadh |

1. An 6 Deireadh Fómhair 2025, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht[1].

2. Ag an gcruinniú a bhí aici an 16 Deireadh Fómhair 2025, scrúdaigh an Mheitheal um Thaighde an moladh ón gCoimisiún agus na treoracha caibidlíochta.

3. Tháinig an Mheitheal um Thaighde ar chomhaontú maidir leis an téacs tar éis comhairliúchán i scríbhinn a tugadh i gcrích an 31 Deireadh Fómhair 2025.

[1] 13647/25 + ADD 1.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go nglacfadh an Chomhairle, mar mhír‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, an Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhme na Nigéire i ndáil le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhme na Nigéire maidir le comhar san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, mar a d’athbhreithnigh na dlítheangeolaithe é agus mar a leagtar amach in 14663/25 é agus na treoracha caibidlíochta mar a leagtar amach in 14663/25 ADD 1 iad.

5. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus tarchuirfear an Cinneadh agus na treoracha caibidlíochta chuig Parlaimint na hEorpa.

6. Foilseofar an Cinneadh ón gComhairle san Iris Oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle.